Stad den Tromaíocht!

Iarrtar ort gearrscannán a dhéanamh ar thromaíocht a stad.

Amharc ar shraitheoga scannáin eile agus déan iad a phlé.

Bain úsáid as Polasaí Tromaíochta/Frith-thromaíochta na scoile le cinntiú go bhfuil an t-ábhar agus an t-eolas sa scannán cruinn.

Pléigh cén ghné den tromaíocht ba chóir duit a úsáid sa scannán agus an dóigh is fearr léi chur i láthair. Ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar an dóigh leis an chuma atá ar an chineál seo tromaíochta a thaispeáint agus ar na dóigheanna is fearr le dul i ngleic léi. Thig leat machnamh a dhéanamh ar chomharthaíocht choirp, ar thon gutha agus ar na focail is féidir a úsáid. Má tá a fhios agat faoi chineál ar leith tromaíochta atá ag dul ar aghaidh sa scoil faoi láthair, thig leat sin a úsáid go héifeachtúil.



Déan clár an scéil de do scannán.

Déan cinnte de go léiríonn an méid atá déanta agat go soiléir an cineál tromaíochta a roghnaigh tú a thaispeáint, agus go gcloíonn an dóigh a bpléitear léi le polasaí tromaíochta/frith-thromaíochta do scoile.
Bain úsáid as ceamara digiteach/físcheamara

Stad den Tromaíocht!

le híomhánna éagsúla neamhghluaiste/ gluaiste a chumadh agus a thaifeadadh. Bain úsáid as bogearraí eagarthóireacht scannáin leis na híomhánna seo a iompórtáil agus gearrscannán a chruthú.

Fiosraigh sraitheoga. Srathaigh na trasdulta, na fuaimeanna, na héifeachtaí, na teidil agus na creidiúintí. Tabhair teideal do do phíosa agus cuir creidiúintí leis.

Amharc ar an obair agus déan í a mheas.

Luaigh athruithe.

Cuimhnigh cuid acu seo a leanas a chur isteach i do chuid oibre:

- fuaimeanna a aimsíodh ar CD-ROM nó ar an Idirlíon;
- Tabhair ainm ar do scannán agus sábháil é.

Taispeáin do scannán do lucht féachana agus labhair ar an dóigh a ndearna tú é.

Cuir ceist orthu cad é a d'fhoghlaim siad ón scannán faoin tromaíocht.